

Eleathanach304

Dé Luain 5 Samhain 2018

Michael D. Higgins ar ais san Áras!

Bhí toghchán ar siúl don Uachtaránacht ar an 26 Deireadh Fómhair 2018. Bhí 6 ainm ann don toghchán: Michael D. Higgins, Peter Casey, Seán Gallagher, Liadh Ní Riada, Joan Freeman agus Gavin Duffy.

Fuair Michael D. Higgins 55.8% den vóta. Tháinig Peter Casey sa dara háit le 23.3% den vóta.

Tá cónaí ar Michael D. Higgins in Áras an Uachtaráin lena bhean chéile Sabina agus lena dhá mhadra Bród agus Shadow.

Is breá le Michael D. Higgins an Ghaeilge. Labhraíonn sé Gaeilge gach lá. Comghairdeas le Michael D. Higgins ón Eleathanach!



X Factor

Bíonn X Factor ar siúl gach deireadh seachtaine. Dé Shathairn bhí deacracht teicneolaíochta ag an gclár teilifíse. Bhí Danny Tetley ag canadh ach bhí a ghuth an-aisteach. Bhí sé cosúil le róbat.

Ní raibh cead ag aon duine vóta a chaitheamh oíche Shathairn. Bhí deacrachtaí freisin le guth Anthony Russell. Is iad Robbie, Ayda, Simon agus Louis na moltóirí.

Chaith Robbie Williams éadaí cosúil le Simon Cowell ar an gclár. Bhí sé an-ghreannmhar. Tá Robbie 44 bliain d'aois. Is é Dermot O'Leary an láithreoir. Ghlaigh sé Robbie Cowell ar Robbie Williams! Ba é 'Fright Night' an téama a bhí acu don chlár.

Bhí Molly Scott an-mhaith ar fad. Tá Simon i gceannas ar a grúpa. Tá sí 16 bliana d'aois. Chan sí 'Toxic' le Britney Spears. Bhí Dalton Harris an-mhaith freisin. Chan sé 'Creep' le Radiohead. Go n-éirí libh!



Plaisteach san fharraige

Tá plaisteach le feiceáil san fharraige i nDún Laoghaire. Téann daoine ag snámh san fharraige i nDún Laoghaire. Tá an plaisteach ar an trá anois freisin.

Thosaigh daoine ag gearrán faoin bplaisteach. Tá folcadáin á dtógáil faoi láthair i nDún Laoghaire agus thit plaisteach isteach san fharraige trí thimpiste.

Tá seo go dona don timpeallacht agus níl daoine sásta. Ní maith leis an Eleathanach plaisteach. An bhfaca tú an físeán seo faoin timpeallacht agus faoi dhramhaíl fós?

<https://www.youtube.com/watch?v=359ibQ4ozz0>

